Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022
(OR. en)

10360/22

LIMITE

JUR 429
FREMP 133
JAI 913
RELEX 825

PUBLIC

**TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ**[1]

| | |
|---|---|
| ó: | An tSeirbhís Dlí |
| chuig: | An Mheitheal um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine (FREMP) |
| Ábhar: | Aontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR)<br>– Dearbhú léiritheach maidir leis an abairt dheireanach den dara fomhír d'Airteagal 24(1) CAE agus den chéad mhír d'Airteagal 275 CFAE (inniúlacht na Cúirte Breithiúnais in ábhair a bhaineann le CBES)<br>- Comhoiriúnacht leis na Conarthaí |

## I. RÉAMHRÁ

1. Le linn na gcruinnithe a bhí ag an Meitheal um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine (FREMP) an 9 Feabhra, an 26 Feabhra, an 18 Márta, an 6 Aibreán agus an 28 Aibreán 2022, phléigh na toscaireachtaí an cur chuige a ghlacfar sa chaibidlíocht maidir le haontachas leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) i ndáil le 'Ciseán 4', mar a thugtar air. Baineann sé sin leis an nasc idir dlínse na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) agus dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais) i réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES).

[1] Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

2. Le linn na gcruinnithe sin, chuir na toscaireachtaí in iúl gur mhian leo an plé sin a dhoimhniú bunaithe ar dhréacht-téacs le haghaidh dearbhú léiritheach maidir le dlínse na Cúirte Breithiúnais i réimse CBES. An 18 Bealtaine 2022, thíolaic an Coimisiún páipéar leathoifigiúil maidir le dréacht-téacs den sórt sin, i gcomhairle leis an Uachtaránacht[2].

3. Le linn cruinniú comhpháirteach a bhí ag Meitheal FREMP agus ag Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) an 23 Bealtaine 2022, d'iarr na meithleacha tuairim ar Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir le comhoiriúnacht an dearbhaithe léirithigh sin leis na Conarthaí, maidir le tionchar an dearbhaithe sin ar dhlínse na Cúirte Breithiúnais agus maidir leis an nós imeachta a d'fhéadfaí a leanúint, dá gcinnfeadh na Ballstáit an dearbhú sin a ghlacadh.

4. Sula leagfar amach an anailís dhlíthiúil ar na saincheisteanna thuasluaite, agus chun tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs ina ndéanann an dearbhú seo idirghabháil, leagtar amach sa tuairim seo achoimre ghairid ar an gcúlra a bhaineann leis an bpróiseas aontachais, go háirithe maidir le Ciseán 4.

## II. <u>CÚLRA MAIDIR LE PRÓISEAS AN AONTACHAIS</u>

5. De réir Airteagal 6(2) CAE, 'Aontóidh an tAontas don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Ní dhéanfaidh an t-aontachas sin difear d'inniúlachtaí an Aontais mar atá siad sainithe sna Conarthaí.'

6. Ar bhonn na forála sin, agus ar mholadh ón gCoimisiún an 17 Márta 2010, ghlac an Chomhairle cinneadh an 4 Meitheamh 2010 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht i ndáil leis an gcomhaontú aontachais, agus d'ainmnigh sí an Coimisiún mar idirbheartaí (10817/10). An 5 Aibreán 2013, tháinig na hidirbheartaithe ar chomhaontú maidir leis na dréacht-ionstraimí aontachais de thoradh na caibidlíochta. Chuir an Coimisiún iarraidh isteach ansin ar thuairim ón gCúirt Bhreithiúnais ar bhonn Airteagal 218(11) CFAE, maidir le comhoiriúnacht an dréacht-chomhaontaithe leis na Conarthaí.

[2] WK 7238/2022



PUBLIC

7. I dTuairim 2/13 (Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR) an 18 Nollaig 2014[3] dá thoradh sin, shainaithin an Chúirt Bhreithiúnais roinnt gnéithe den chomhaontú a bheartaítear a mheas sí nach raibh ag luí le dlí príomha an Aontais. Baineann ceann de na gnéithe sin le saintréithe sonracha dhlí an Aontais a mhéid a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach in ábhair a bhaineann le CBES.

8. I ndáil leis sin, chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl, ar an gcéad dul síos, nach raibh an deis aici fós a shainiú a mhéid atá a dlínse teoranta in ábhair a bhaineann le CBES mar thoradh ar Airteagal 24(1) CAE agus Airteagal 275 CFAE. Ar an dara dul síos, chinn sí, ar bhonn an aontachais dá bhforáiltear sa chomhaontú a bheartaítear, go dtabharfaí de chumhacht do ECtHR rialú a dhéanamh ar a mhéid atá gníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha áirithe arna ndéanamh i gcomhthéacs CBES comhoiriúnach le ECHR, agus go háirithe iad siúd nach féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, cheal dlínse, athbhreithniú a dhéanamh orthu i bhfianaise na gceart bunúsach. Ar an tríú dul síos, thug an Chúirt dá haire go raibh deis aici a chinneadh nach féidir dlínse chun athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar ghníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha ó thaobh an Aontais Eorpaigh de, lena n-áirítear i bhfianaise na gceart bunúsach, a thabhairt go heisiach do chúirt idirnáisiúnta atá lasmuigh de chreat institiúideach agus breithiúnach an Aontais. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais ar an gcaoi sin nár tugadh aird sa chomhaontú a bheartaítear ar shaintréithe sonracha dhlí an Aontais maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar ghníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha a rinne an tAontas in ábhair a bhaineann le CBES.

[3] Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine*) an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454. Féach Nóta Faisnéise ó Sheirbhís Dlí na Comhairle – 5227/15.



PUBLIC

9. An 7 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle treoracha caibidlíochta forlíontacha (12585/19) d'fhonn tús a chur an leis an gcaibidlíocht athuair. Tosaíodh an chaibidlíocht go héifeachtach arís i mí an Mheithimh 2020, agus d'ullmhaigh Cathaoirleach an ghrúpa '47+1' (atá ina ghrúpa '46+1' ó shin), atá i gceannas ar an gcaibidlíocht, doiciméad stiúrtha[4] lena gcuirtear struchtúr ar na saincheisteanna a sainaithníodh i dTuairim 2/13 i ngrúpaí, nó 'ciseáin'. Cuireadh an tsaincheist maidir le gníomhartha an Aontais i réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) i 'Ciseán 4'. Le linn na seacht mbabhta caibidlíochta, bhí na páirtithe in ann teacht ar chomhaontú sealadach maidir le 'Ciseán 1' (sásraí AE-sonracha an nós imeachta roimh ECtHR) agus 'Ciseán 3' (prionsabal na muiníne frithpháirtí idir Ballstáit an Aontais). Tá na hidirbheartaithe ar tí dul chun cinn a dhéanamh maidir le 'Ciseán 2' (oibríochtaí na n-iarratas idirpháirtí agus na tagairtí do thuairim chomhairleach faoi Phrótacal 16). I gcodarsnacht leis sin, ní dhearnadh aon dul chun cinn nithiúil go dtí seo ar 'Ciseán 4'[5].

10. Sna treoracha caibidlíochta forlíontacha, ba é an 'sásra um athshannadh', mar a thugtar air, an cur chuige a roghnaíodh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhain le Ciseán 4, mar a mhol an Coimisiún. Go bunúsach, de réir an tsásra sin, dhéanfaí gníomhartha aonair CBES a 'athshannadh' do Bhallstát amháin nó níos mó chun críocha ECtHR, ar bhonn critéir *ex ante*. Bheadh cúirteanna náisiúnta an Bhallstáit/na mBallstát sin freagrach as cásanna a éisteacht atá á dtabhairt ag daoine aonair a mhaíonn gur sáraíodh a gcearta bunúsacha agus, dá bhrí sin, bheidís freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha CBES de chuid an Aontais, agus iad a chur ar leataobh más gá, dá measfaidís nach bhfuil na gníomhartha sin ag luí le dlí an Aontais ar chéim níos airde. Bheadh freagracht idirnáisiúnta ar an mBallstát sin freisin faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine as an ngníomh aonair CBES atá i gceist.

---

4 *Paper by the Chair to structure the discussions at the sixth meeting of the CDDH effet utile negotiation group (47+1) on the accession of the European Union to the European Convention on Human Rights* [Páipéar ón gCathaoirleach chun an plé a struchtúrú ag an séú cruinniú de ghrúpa caibidlíochta *ad hoc* (47+1) CDHH maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine], 47+1(2020)2 an 31 Lúnasa 2020.

5 Is eol don ghrúpa '46+ 1' go bhfuil machnamh á dhéanamh ag an Aontas ar an gcur chuige is fearr i leith Chiseán 4. Ina theannta sin, tá moltaí déanta ag an Tuirc maidir le leasuithe ar na hionstraimí aontachais nach mbaineann le Tuairim 2/13 (e.g. maidir le rialacha vótála nuair a dhéanann an Coiste Airí maoirseacht ar chur chun feidhme breithiúnas).



PUBLIC

11. Mar sin féin, tháinig sé chun solais sa phlé a rinneadh i Meitheal FREMP sa chéad ráithe de 2022 go mbeadh deacrachtaí dlí ó thaobh prionsabail de i dtéarmaí ailtireacht bhreithiúnach an Aontais dá mbeadh sásra díláraithe den sórt sin chun gníomhartha dlí an Aontais a rialú ag na cúirteanna náisiúnta. Thairis sin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl deacrachtaí praiticiúla agus dlíthiúla sa dlí náisiúnta le réiteach den sórt sin. Ar deireadh, cuireadh amhras in iúl sa ghrúpa 46+1, nuair a tugadh achoimre ar an sásra um athshannadh dó. Dá bhrí sin, chuir Meitheal FREMP tús le réitigh mhalartacha a d'fhéadfadh a bheith ann a fhiosrú.

12. I measc na réiteach sin, ceann amháin a tháinig chun cinn mar an ceann is mó a bhfuil gealladh faoi is ea dul i ngleic leis an tsaincheist trí dhearbhú léiritheach idir-rialtasach a mbeadh sé mar chuspóir aige an teannas a réiteach idir, ar thaobh amháin, an oibleagáid aontú do ECHR a leagtar amach in Airteagal 6(2) CAE, agus, ar an taobh eile, rialacha agus nósanna imeachta sonracha CBES, go háirithe maidir le hathbhreithniú breithiúnach ag an gCúirt Bhreithiúnais, mar a leagtar amach in Airteagal 24(1) CAE agus in Airteagal 275 CFAE.

13. Iarradh ar Sheirbhís Dlí na Comhairle scrúdú a dhéanamh an bhfuil dearbhú léiritheach den sórt sin ag luí leis na Conarthaí, cén tionchar a bheadh aige ar dhlínse na Cúirte Breithiúnais agus cén nós imeachta a d'fhéadfaí a leanúint, dá gcinnfeadh na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le dearbhú den sórt sin.

PUBLIC

## III. ANAILÍS DLÍ

14. Chun na ceisteanna sin a fhreagairt, déanfar scrúdú sa tuairim seo ar dtús an féidir dearbhú a úsáid mar ionstraim sa chomhthéacs seo (A) agus déanfar anailís ansin ar shubstaint an dearbhaithe i bhfianaise na gConarthaí (B).

### A. An dréachtdearbhú mar ionstraim dlí

15. Maidir lena fhoirm, is ionstraim dlí idirnáisiúnta é an dearbhú léiritheach atá beartaithe ag ionadaithe rialtais na mBallstát, cosúil leis na dearbhuithe ar thángthas ar chomhaontú maidir leo i gcomhthéacs comhdhálacha idir-rialtasacha, trína gcomhaontaíonn siad conas a thuigeann siad forálacha áirithe de na Conarthaí a bhfuil siad ina sínithe leo agus atá ina gceangal orthu é.

16. Saincheart a aithnítear sa dlí idirnáisiúnta do shínitheoirí conarthaí idirnáisiúnta is ea an cineál sin dearbhaithe a chomhaontú, agus go háirithe le hAirteagal 31(3)(a) de Choinbhinsiún Vín 1969 maidir le Dlí na gConarthaí, ar dá réir atá comhaontú ina dhiaidh sin idir na páirtithe maidir le léiriú ar chonradh roimhe sin ina chuid den chomhthéacs atá le cur san áireamh agus an conradh sin á léiriú. Ar deireadh, i bhfianaise shaintréithe sonracha agus uathúla dhlíchóras an Aontais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais a bheidh sé, ar aon chuma, cinneadh a dhéanamh an gcuirfear an dearbhú san áireamh nó nach gcuirfear agus an saineofar an tábhacht ar cheart a thabhairt dó, ag cur san áireamh go dtiocfadh údair na gConarthaí ar chomhaontú maidir leis. I ndáil leis sin, is féidir a thabhairt ar aire gur ghlac an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin le dearbhuithe a chur san áireamh mar ionstraimí chun Conarthaí de chuid an Aontais a léiriú[6], cé gur dhearbhaigh sí nach bhfuil sí inniúil chun dlíthiúlacht na ndearbhuithe sin a athbhreithniú[7].

---

[6] Breithiúnas an 2 Márta 2010, *Rottmann*, C-135/08, AE:C:2010:104, mír 40.

[7] Ordú an 16 Meitheamh 2021, *Sharpston v an Chomhairle*, C-684/20 P, AE:C:2021:486, mír 45.



PUBLIC

17. Ní mór a chur i bhfios go láidir nach féidir dul i muinín dearbhú léiritheach den sórt sin ach amháin in imthosca an-sonrach, mar *ultima ratio*. Sa chás seo, d'fhéadfaí dearbhú den sórt sin a bheartú ós rud é nach ndéanfadh sé na Conarthaí a mhodhnú ná nach rachadh sé timpeall ar na nósanna imeachta dá bhforáiltear lena modhnú, ach bheadh sé teoranta don idirghníomhaíocht idir dhá fhoráil de na Conarthaí atá ann cheana a réiteach agus a shoiléiriú chun a áirithiú go gcoinneodh an dá fhoráil *effet utile* – lena n-áirítear maidir leis an oibleagáid aontú do ECHR – gan eilimintí nua nach bhfuil sna Conarthaí cheana a thabhairt isteach. Is é sin le rá, bheadh sé ag luí go hiomlán le hábhar agus meon na gConarthaí.

PUBLIC

18. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire go mbeadh ionstraim an dearbhaithe mar chuid de phacáiste polaitiúil a ghabhann leis an gcinneadh ón gComhairle lena dtugtar i gcrích an comhaontú maidir le haontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus '*ní thiocfaidh an cinneadh a bhaineann leis an gcomhaontú sin a chur i gcrích i bhfeidhm go dtí go mbeidh sé formheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach*' (Airteagal 218(8) CFAE). Léiríonn an ceanglas speisialta nós imeachta seo an tábhacht ar leith a leagann údair na gConarthaí ar chinneadh den sórt sin ón gComhairle. I ndáil leis sin, d'fhéadfaí an nasc idir an dearbhú léiritheach agus an cinneadh ón gComhairle maidir le conclúid a léiriú trí thagairt a dhéanamh don dearbhú sa chinneadh ón gComhairle[8].

19. Maidir leis an <u>tráth a dhéanfar an dearbhú sin a fhormheas</u>, níor mhór é a chur i bhfeidhm faoin tráth a thabharfaí an chaibidlíocht in Strasbourg chun críche agus a chomhaontófaí téacs ar an leibhéal teicniúil. Go deimhin, bheadh ar rialtais na mBallstát a léiriú a chur in iúl trí theacht ar chomhaontú maidir leis an dearbhú roimh ré. Thairis sin, dá dtiocfaí ar chomhaontú maidir leis an dearbhú ag céim níos luaithe d'áiritheofaí go bhféadfadh an Chúirt Bhreithiúnais, de réir mar a bheadh, é a chur san áireamh cheana féin agus cinneadh á dhéanamh maidir le tuairim i leith an dréacht-Chomhaontaithe, dá dtabharfaí os a comhair é faoi Airteagal 218(11), mar is rídhócha.

---

8 Mar sin féin, níorbh ionann sin is a rá go mbeadh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an dearbhú féin. Féach fonóta 5.

20. Maidir leis an nós imeachta formheasa, is de chineál idir-rialtasach a bheadh an dearbhú, agus chaithfeadh ionadaithe rialtais na mBallstát teacht ar chomhaontú ina leith. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, ar imeall chruinniú de chuid Coreper.

21. Mar fhocal scoir, d'fhéadfaí an dearbhú a bheartú, mar sin, mar ionstraim chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna Chiseán 4 ar bhealach lena ndéantar é a inmheánú – rud a d'fhágfadh nach mbeadh aon ghá le caibidlíocht a dhéanamh le comhaltaí eile Chomhairle na hEorpa in Strasbourg.

PUBLIC

**B. Ábhar an dréachtdearbhaithe**

22. Maidir leis an ábhar, leanann sé óna fhoclaíocht go bhféachann an dréachtdearbhú léiritheach le hAirteagal 6(2) CAE a réiteach le hAirteagal 24(1) CAE agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 275 CFAE, chun *effet utile* na bhforálacha sin go léir a chur chun cinn agus a chaomhnú, agus aon teannas idir na forálacha sin a thabhairt le chéile ag an am céanna.

23. Go sonrach, meabhraítear i mír 1 go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar an Aontas Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 6(2) CAE, aontú don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Is lua as Tuairim 2/13 (mír 256) í mír 2, ina sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir aontú do ECHR ach amháin mura dtugtar dlínse don Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) go heisiach athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar ghníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha de chuid an Aontais Eorpaigh, i bhfianaise na gceart bunúsach. Is lua as breithiúnas an 28 Márta 2017, Rosneft (C-72/15, EU:C:2017:236, mír 66) í mír 3, inar meabhraíodh don Chúirt Bhreithiúnais a cásdlí buan ar dá réir a bunaíodh, leis na Conarthaí, córas iomlán leigheasanna agus nósanna imeachta dlíthiúla atá ceaptha chun athbhreithniú breithiúnach a áirithiú maidir le dlíthiúlacht ghníomhartha an Aontais Eorpaigh bunaithe ar na Conarthaí agus ar an gCairt um Chearta Bunúsacha araon, agus a cuireadh an t-athbhreithniú sin faoi chúram Chúirteanna an Aontais Eorpaigh.

24. Dá bhrí sin, leagtar amach sna trí mhír sin <u>an chéad chuid den chothromóid</u>, eadhon an oibleagáid maidir le haontú – nach gá aon leasú ar an gconradh a 'ghníomhachtú' agus atá ina cheangal ar an Aontas – agus an coinníoll atá leagtha amach ag an gCúirt Bhreithiúnais d'aon aontachas den sórt sin.

25. Luaitear i <u>mír 4</u> Airteagal 24(1) CAE agus Airteagal 275 CFAE, ar dá réir atá CBES faoi réir rialacha agus nósanna imeachta sonracha agus nach bhfuil dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis na forálacha a bhaineann le CBES ná maidir le gníomhartha arna nglacadh ar bhonn na bhforálacha sin, seachas a dlínse chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagal 40 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinntí lena bhforáiltear do bhearta sriantacha in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha. Is lua as breithiúnas an 24 Meitheamh 2014, an Pharlaimint/an Chomhairle (C-658/11, AE:C:2014:2025, mír 70) í <u>mír 5</u>, arna lua i mbreithiúnais ina dhiaidh sin[9], i gcás inar rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go dtugtar isteach leis an abairt dheireanach den dara mír d'Airteagal 24(1) CAE agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 275 CFAE maolú ar riail na dlínse ginearálta a thugann Airteagal 19 CAE don Chúirt chun a áirithiú go gcomhlíonfar an dlí i léiriú agus cur i bhfeidhm na gConarthaí agus ní mór, dá bhrí sin, iad a léiriú ar bhealach cúng.

26. Dá bhrí sin, leagtar amach sa dá mhír sin <u>an dara cuid den chothromóid</u>, eadhon go bhfuil CBES faoi réir rialacha agus nósanna imeachta sonracha agus go bhfuil dlínse na Cúirte Breithiúnais an-teoranta, maolú nach mór a léiriú go cúng, áfach.

[9] Féach, mar shampla, breithiúnas an 19 Iúil 2016, *H v an Chomhairle agus Eile*, C-455/14 P, EU:C:2016:569, mír 40 agus an cásdlí a luadh.



PUBLIC

27. Tugtar aghaidh i mír 6 ar an dá chuid sin den chothromóid le chéile, agus is í an mhír seo a chuireann in iúl léiriú na mBallstát i ndáil leis sin:

– bunaítear leis sin nach mór comhsheasmhacht a áirithiú idir ceanglais Airteagal 6(2) CAE, Airteagal 19 CAE agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar thaobh amháin, agus na maoluithe a leagtar amach san abairt dheireanach den dara mír d'Airteagal 24(1) CAE agus sa chéad mhír d'Airteagal 275 CFAE, ar an taobh eile;

– is mar seo a leanas do thátal an dréachtdearbhaithe: chun an chomhsheasmhacht sin a áirithiú, ní mór a bhaint de léiriú as na Conarthaí go dtugtar dlínse don Chúirt Bhreithiúnais maidir le caingne, agus faoi theorainneacha na gcaingne sin amháin, arna dtabhairt isteach ag iarratasóirí a mhaíonn gur íospartaigh iad de sháruithe ar chearta bunúsacha de dheasca gníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha de chuid an Aontais Eorpaigh a bhféadfadh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (comhthreomhaireacht aonair idir dlínse an dá chúirt), tar éis aontachas an Aontais don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh orthu.

28. Dá bhrí sin, tá an dearbhú teoranta do léiriú comhaontaithe a thaispeáint, rud a bhfuil gá leis mar thoradh ar Airteagal 6(2) CAE a thabhairt isteach le Conradh Liospóin, agus ní bheadh sé ag teacht salach ar na Conarthaí ná ní leasódh sé iad.

29. Leis an dearbhú sin, tugtar aghaidh ar na hábhair imní a chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl i dTuairim 2/13. Go deimhin, sa tuairim sin, thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire '*[bhí go nuige sin] i ndlí an Aontais Eorpaigh gníomhartha áirithe a glacadh i gcomhthéacs CBES [a bhí] lasmuigh de raon an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag an gCúirt Bhreithiúnais. Is gné dhílis í an staid sin den chaoi a ndéantar cumhachtaí na Cúirte a struchtúrú leis na Conarthaí agus, dá réir sin, ní féidir é a mhíniú ach trí thagairt a dhéanamh do dhlí an Aontais Eorpaigh amháin. (...) ar bhonn an aontachais dá bhforáiltear sa chomhaontú a bheartaítear, go dtabharfaí de chumhacht don Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) rialú a dhéanamh ar a mhéid atá gníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha áirithe arna ndéanamh i gcomhthéacs CBES comhoiriúnach le ECHR, agus go háirithe iad siúd nach féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, cheal dlínse, athbhreithniú a dhéanamh orthu i bhfianaise na gceart bunúsach.*'[10]

PUBLIC

[10] Míreanna 252-254.

30. Maidir le héifeacht an dearbhaithe sin, ar thaobh amháin, ní fhéadfar a eisiamh go ndéanfadh an Chúirt Bhreithiúnais léamh litriúil ar Airteagal 24(1) CAE agus Airteagal 275 CFAE, agus féadfaidh sí a chinneadh nach leor an dearbhú sin chun go bhféadfadh an tAontas Eorpach aontú don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR).

31. Ar an taobh eile, ó Thuairim 2/13 i leith, tá léiriú níos forleithne déanta ag an gCúirt Bhreithiúnais cheana féin ar a dlínse i gcomparáid le foclaíocht litriúil na bhforálacha sin. Go deimhin, mar a leagtar amach i nóta faisnéise cuimsitheach ó Sheirbhís Dlí na Comhairle ( 9498/21), ón tuairim sin i leith, i ngach cás ina dhiaidh sin a tháinig os a comhair go dtí seo maidir le gníomhartha CBES, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go raibh dlínse aici, fiú más ar fhorais shonracha i gcónaí an dlínse sin[11].

PUBLIC

32. Sa chomhthéacs sin, bhainfeadh an dearbhú léiritheach leas as *raison d'être* na bhforálacha sin agus as léamh córasach a dhéanamh ar fhorálacha na gConarthaí maidir lena dlínse féin, forálacha atá á leanúint ag an gCúirt ina cásdlí ó Thuairim 2/13 i leith. I ndáil leis sin, sheachnófaí an cás ina mbainfí aon *effet utile* d'oibleagáid shoiléir aontú do ECHR, mar a leagtar amach in Airteagal 6(2) CAE. Réiteofaí, dá bhrí sin, an teannas bunúsach a bheadh sna Conarthaí agus, ag an am céanna, shoiléireofaí na teorainneacha ar dhlínse na Cúirte Breithiúnais i gcomhthéacs CBES i gcásanna a bheadh inghlactha os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR).

---

[11] Ar an sampla is suntasaí, tá breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *SatCen v KF* (C-14/19, EU:C:2020:492, míreanna 83 go 85), inar rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais, ós rud é gur eisiaigh Rialacháin Foirne Lárionad Satailíte an Aontais athbhreithniú breithiúnach arna dhéanamh ag cúirteanna náisiúnta agus cúirteanna an Aontais araon, '*dá ndiúltódh an Chúirt agus an Chúirt Ghinearálta an dlínse a thugtar dóibh le hAirteagail 263 agus 268 CFAE* [caingean le haghaidh neamhniú agus caingean chun cúiteamh a ghnóthú, faoi seach], *a fheidhmiú, is é an toradh a bheadh air sin (...) go mbeadh na cinntí sin díolmhaithe ó aon athbhreithniú breithiúnach, ag cúirteanna an Aontais nó ag na cúirteanna náisiúnta, gan bonn cirt a bheith leis an gcinneadh sin ar dhlínse a dhiúltú mar gheall ar chúram chun leithdháileadh dlínse idir cúirteanna an Aontais agus na cúirteanna náisiúnta a cheanglaítear le CFAE a urramú. Sna himthosca sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais agus faoin gCúirt Ghinearálta atá sé an dlínse a thugtar dóibh faoi CFAE a fheidhmiú, chun a áirithiú gurb ann d'athbhreithniú breithiúnach éifeachtach (...)'*. Tá cur chuige níos sriantaí glactha ag an gCúirt Ghinearálta ina hordú an 10 Samhain 2021, KS agus KD v an Chomhairle agus Eile, T-771/20, atá faoi réir achomhairc ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais i gCásanna C-29/22 P agus C-44/22 P, féach fonóta 4 thuas.

33. Maidir le <u>tionchar an dearbhaithe ar inniúlacht na Cúirte Breithiúnais in ábhair a bhaineann le CBES</u>, mar a dréachtaíodh an dearbhú sin, shoiléireofaí go dtugann na Conarthaí dlínse don Chúirt Bhreithiúnais – i gcás ina dtugann iarratasóirí a mhaíonn gur íospartaigh iad de sháruithe ar chearta bunúsacha de bharr gníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha de chuid an Aontais Eorpaigh – caingean an-teoranta shonrach isteach a bhféadfadh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, tar éis aontachas an Aontais le ECHR, athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh uirthi.

34. Dá bhrí sin, cheadódh na Conarthaí, mar a léirítear iad leis an dearbhú sin, d'iarratasóirí a bhfuil seasamh dlíthiúil acu os comhair ECtHR caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta ar bhonn Airteagal 263 CFAE (caingean le haghaidh neamhniú) nó Airteagal 268 CFAE (caingean chun cúiteamh a ghnóthú) agus achomharc a dhéanamh ina dhiaidh sin os comhair na Cúirte Breithiúnais. Ós rud é go ndéantar tagairt sa téacs do '*dlínse* *<u>a bhaineann le</u>* *caingne arna dtabhairt isteach ag iarratasóirí* (...)' (is linne an bhéim) leis na Conarthaí, arna léiriú ag an dearbhú, cheadófaí do na cúirteanna náisiúnta atá ag athbhreithniú ghníomhartha na mBallstát a chuireann forálacha CBES chun feidhme réamhrialú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais (Airteagal 267 CFAE).

35. Bheadh na hiarratasóirí lena mbaineann teoranta do na hiarratasóirí sin a bhfuil seasamh acu caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR). Is amhlaidh atá toisc nach dtugann na Conarthaí, mar a shoiléirítear leis an dréachtdearbhú iad, dlínse den sórt sin don Chúirt Bhreithiúnais ach amháin a mhéid is gá chun Airteagal 6(2) CAE a fheidhmiú, i.e. chun a áirithiú go mbeidh an deis ag an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar ghníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha de chuid an Aontais Eorpaigh, i bhfianaise na gceart bunúsach, sula ndéanann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) athbhreithniú orthu. Ní bheadh gá le dlínse maidir le cásanna a thugann iarratasóirí nach mbeadh seasamh acu os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) agus, dá bhrí sin – mar a léirítear as an dearbhú iad – ní chumhdófaí faoi na Conarthaí iad.

36. De réir chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR), is ag daoine fisiciúla agus daoine dlítheanacha amháin ar 'eagraíochtaí neamhrialtasacha' iad de réir bhrí Airteagal 34 den Choinbhinsiún atá seasamh os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR). Is iad 'na heagraíochtaí rialtasacha' orgáin lárnacha tríú Stát, ach is údaráis dhíláraithe iad freisin a fheidhmíonn 'feidhmeanna poiblí', i.e. a ghlacann páirt i bhfeidhmiú cumhachtaí rialtais nó a bhfuil seirbhís phoiblí faoi rialú rialtais acu[12]. Thairis sin, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) go seasta nach bhforálann ECHR d'institiúid a bhaineann le *actio popularis*, agus gur do 'íospartaigh' amháin a cheadaítear seasamh; is ionann íospartach agus duine nó na daoine a ndéantar sárú líomhainte difear dó nó dóibh go díreach nó go hindíreach[13].

37. Má mheastar é a bheith iomchuí, d'fhéadfaí téacs an dréachtdearbhaithe a leasú chun an inghlacthacht os comhair na Cúirte Breithiúnais agus os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a nascadh go sainráite[14].

38. Ina theannta sin, ós rud é nach ndéanfadh agus nach bhféadfadh an dearbhú leasú a dhéanamh ar na Conarthaí, bheadh feidhm ag na rialacha maidir le hinghlacthacht a leagtar amach in Airteagal 263 CFAE – go háirithe ag an gceanglas maidir le cúram díreach agus aonair - i ndáil leis na hiarratasóirí. Ar an gcaoi chéanna, i gcás caingne chun cúiteamh a ghnóthú faoi Airteagal 268 CFAE, is é an toimhde a bheadh ann go gcuirfeadh an Chúirt Bhreithiúnais a gnáth-chásdlí i bhfeidhm chun cinneadh a dhéanamh an bhféadfaí cúiteamh a dhámhachtain mar thoradh ar ghníomh, agus go háirithe an ceanglas maidir le 'sárú neamhnáireach a dhéanamh ar riail uachtarach dlí chun an duine aonair a chosaint' le haghaidh gníomhartha lánroghnacha.

39. D'fhéadfaí téacs an dréachtdearbhaithe a leasú anseo freisin chun é sin a chur in iúl go sainráite[15].

---

12 Féach Clárlann na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, Treoir Phraiticiúil maidir le hInghlacthacht, an 30 Aibreán 2022, míreanna 9 go 16, ar féidir teacht uirthi anseo https://www.echr.coe.int/documents/admissibility_guide_eng.pdf.

13 Féach Clárlann na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, Treoir Phraiticiúil maidir le hInghlacthacht, an 30 Aibreán 2022, míreanna 9 go 16, ar féidir teacht uirthi anseo https://www.echr.coe.int/documents/admissibility_guide_eng.pdf.

14 Réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann – an frása 'a bhfuil seasamh acu os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine' a chur isteach – i ndiaidh 'iarratasóirí'.

15 Réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann – 'i gcomhréir le rialacha na gConarthaí' a chur isteach i ndiaidh – 'tabhairt isteach'.

## IV. CONCLÚID

40. I bhfianaise an mhéid thuas, is é seo tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle:

a) is ionstraim é an dearbhú léiritheach a d'fhéadfaí a bheartú sa chás seo, i bhfianaise imthosca an-sonrach, chun an idirghníomhaíocht idir dhá fhoráil de na Conarthaí atá ann cheana a réiteach agus a shoiléiriú chun an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 6(2) CAE maidir le haon *effet utile* a sheachaint;

b) ba cheart dearbhú den sórt sin a chomhaontú faoin tráth a bheidh an chaibidlíocht in Strasbourg tugtha chun críche agus an téacs ar an leibhéal teicniúil comhaontaithe. Féadfar é sin a dhéanamh ar imeall chruinniú de chuid Coreper;

c) maidir le substaint an dréachtdearbhaithe, shoiléireofaí go ndéanann na Conarthaí mar atá siad, i bhfianaise chásdlí na Cúirte atá ann cheana, ar dhlínse a dheonú don Chúirt Bhreithiúnais, in ábhair a bhaineann leis an CBES – i gcásanna ina dtugann iarratasóirí, ag a bhfuil seasamh, a mhaíonn gur íospartaigh iad de sháruithe ar chearta bunúsacha de bharr gníomhartha, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha de chuid an Aontais Eorpaigh – caingean an-teoranta shonrach os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR).

PUBLIC